

**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil
Ollscoil Mhá Nuad**



**Teastas Eorpach na Gaeilge
Bonnleibhéal 2 (A2)**

**Scrúdú Cainte
Scrúdú samplach 1**



Note

In this document you'll find sample examination materials (as Gaeilge), including sample roleplay cards (part 2 of the exam) and sample pictures for part 3. For examination guidelines and a detailed description of the examination format, please see [Syllabus and Guidelines for Candidates](#).



An Scrúdú Cainte

Tá 35% de mharc iomlán an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.

Tá trí chuid sa scrúdú:

Comhrá ginearálta 4-5 nóiméad	Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal srl.)
Rólghníomhaíocht 2-3 nóiméad	(a) Tugtar cárta don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú. Tá eochairfhocail ar an chárta a bhaineann le himeacht ar leith: ag pleanáil laethanta saoire nó ag déanamh cur síos ar dheireadh seachtaine, srl. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dátaí, áiteanna, praghas, turais, srl.(b) Ansin cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi imeacht atá cosúil leis an cheann atá léirithe ar an rólchárta. (Ní thugtar aon leideanna).
Ag insint scéal simplí 2-3 nóiméad	Tugtar sraith de 6 pictiúr don iarrthóir agus tá nóiméad amháin aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an mhéid atá ag tarlú sna pictiúir. Radhairc ón ghnáthshaol a léireofar iontu: ag ithe i mbialann, ag siúl sna sléibhte, srl. agus eachtra éigin a tharlaíonn, goidtear mála, titeann duine agus gortaítear é/í, srl.

CUID 1: Comhrá ginearálta

Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 4-5 nóiméad.

- **An réamhchaint** (gan marc ar bith)

Cuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna an-bhunúsach ar an iarrthóir ag an tús chun é/í a chur ar a s(h)uaimhneas.

Seo roinnt samplaí de na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfaí a chur sa rannóg seo:

Dia duit.

Dia is Muire duit.

Cad é mar atá tú?

An bhfuil tú go maith?

Cad is ainm duit?

Tá sé deas bualadh leat.

Tá lá breá ann, nach bhfuil?

Tá drochlá ann. / Tá sé fuar/te/fliuch.

- **Ceisteanna sa scrúdú féin**

Déanfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a roghnú ó roinnt de na topaicí a clúdaíodh i Siollabas A1 agus Siollabas A2.

Seo thíos samplaí de na cineálacha ceisteanna a chuirfear:

Cén tslí bheatha atá agat?

An dtaitníonn an post leat?

Conas a théann tú ag obair gach lá?

Cá bhfuil tú i do chónaí?

Cad iad na rudaí a thaitníonn leat faoin áit?

Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó d'aon chumann?

An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine?

An ndéanann tú mórán taistil?

Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?

An duine aclaí tú?

An maith leat bheith ag snámh?

CUID 2: Rólghníomhaíocht

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 2-3 nóiméad.
- Tabharfaidh an feitheoir ceann de na cártaí rólghníomhaíochta don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosóidh an scrúdú cainte ionas go mbeidh am aige/aici ullmhú.
- Ní bheidh cead ag an iarrthóirí aon nótaí, aon acmhainní ná aon fhoclóirí a úsáid chun cabhrú leis/léi.
- Níor cheart don iarrthóir scríobh ar an chárta agus baileoidh an scrúdaitheoir an cárta uaidh/uaithi ag deireadh an scrúdaithe.


Rólghníomhaíocht shamplach 1: Cuntas ar dhuine

- Tá dhá chárta thíos. Tá cárta g an iarrthóir ar a bhfuil cur síos ar bhean a bhfuil aithne aige/aici uirthi. Agus tá cárta ag an scrúdaitheoir ar a bhfuil cur síos ar fhear a bhfuil aithne aige/aici air.
- Sa chás thíos, cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar tús faoin bhean. (Tá léiriú air seo sa chomhrá samplach thíos.)
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, cuirfidh an t-iarrthóir na ceisteanna céanna ar an scrúdaitheoir faoin fhear chun na sonraí céanna a fháil, e.g. cuma, páistí, cúrsaí oibre, caitheamh aimsire.

Cárta an iarrthóra

- Seo thíos cur síos ar Aoife Ní Bhaoil, bean a bhfuil aithne agat uirthi.
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ort faoi Aoife. Freagair na ceisteanna sin.
- Tá cur síos ag an scrúdaitheoir ar fhear, Eoin Ó Dúill. Cuir thusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi Eoin.

Aoife Ní Bhaoil	
• Cuma:	ard /dathúil
• Gruaig:	gearr / catach
• Clann:	1 mac / 2 iníon
• Post:	cuntasóir
• Áit oibre:	comhlacht / Corcaigh
• Caitheamh aimsire:	spórt (peil / galf)



Cárta an scrúdaitheora

Eoin Ó Dúill	
Cuma:	beag / féasóg
Gruaig:	rua/díreach
Clann:	3 mac / 0 iníon
Post:	iriseoir
Áit oibre:	nuachtán / Béal Feirste
Caitheamh aimsire:	taisteal / iascaireacht

Comhrá samplach

S: Anois, inis dom faoi Aoife.

Cén chuma atá uirthi?

I: Tá sí ard agus dathúil agus tá gruaig ghearr chatach uirthi.

S: Agus an bhfuil páistí aici?

I: Tá. Tá mac amháin agus beirt iníonacha aici.

S: Cén obair a dhéanann Aoife?

I: Is cuntasóir í.

S: Agus cá bhfuil sí ag obair?

I: Tá sí ag obair le comhlacht i gCorcaigh.

S: Go maith, agus inis dom cén caitheamh aimsire atá aici?

I: Is breá léi spórt. Imríonn sí peil agus galf go minic ag an deireadh seachtaine.


S: Go raibh maith agat.

Rólghníomhaíocht shamplach 2: Laethanta saoire

- Tá dhá chárta thíos. Tá cárta ag an iarrthóir ar a bhfuil cur síos ar thuras a rinne sé/sí go dtí an Iodáil ar laethanta saoire. Agus tá cárta ag an scrúdaitheoir ar a bhfuil cur síos ar thuras a rinne sé/sí go Londain ar laethanta saoire.
- Sa chás thíos, cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar tús faoi na laethanta saoire a bhí aigesean/aicise. (Tá léiriú air seo sa chomhrá samplach thíos.)
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, cuirfidh an t-iarrthóir na ceisteanna céanna ar an scrúdaitheoir faoina laethanta saoire siúd chun na sonraí céanna a fháil, e.g. áit, fad, lóistín, cé a bhí leis/léi, rudaí a thaitin leo, rudaí a rinne siad.

Cárta an iarrthóra

<ul style="list-style-type: none">• Féach ar an eolas ar an chárta thíos.• Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ort mar gheall ar na laethanta saoire a bhí agat. Freagair na ceisteanna sin.• Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi na laethanta saoire a bhí aigesean/aicise. Cuir thusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi na laethanta saoire sin.	
	Laethanta saoire
Áit?	An Iodáil
Cén fhad?	Seachtain (Lúnasa)
Lóistín?	Árasán
Cé a bhí leat?	2 cara + deirfiúr
Rudaí a thaitin leat?	Bia...aimsir...
Rudaí a rinne sibh?	Siopaí...ceolchoirm...



Cárta an scrúdaitheora

	Laethanta saoire
Áit?	Sasana (Londain)
Cén fhad?	Coicís (mí Iúil)
Lóistín?	Óstán
Cé a bhí leat?	2 mac + 1 iníon
Rudaí a thaitin leat?	Daoine...bialanna...
Rudaí a rinne sibh?	Amharclann...séipéil...

Comhrá samplach

S: An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?

I: Bhí. Bhí mé san Iodáil.

S: Ó, go deas. Cén fhad a bhí tú ansin?

I: Bhí mé ann ar feadh seachtaine i mí Lúnasa.

S: Agus ar fhan tú in óstán?

I: Níor fhan. Bhí árasán ar cíos againn.

S: Agus an raibh aon duine leat?

I: Bhí beirt chairde agus mo dheirfiúr liom.

S: Inis dom, cad iad na rudaí a thaitin leat faoin tsaoire?

I: Bhuel, bhí an bia an-deas agus bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir go hálainn an t-am ar fad.

S: Cad a rinne tú ansin?

I: Thaitin na siopaí go mór liom agus chuaigh mé ag siopadóireacht cúpla lá. Ansin chuaigh mé chuig ceolchoirm oíche amháin agus bhí sé sin go hiontach ar fad.

S: Go raibh maith agat.

CUID 3: Cur síos ar shraith pictiúr

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú 2-3 nóiméad.
- Tabharfaidh an scrúdaitheoir an bhileog ar a bhfuil na pictiúir don iarrthóir.
- Beidh nóiméad amháin ag an iarrthóir le breathnú ar an phictiúr.
- Ansin déarfaidh an scrúdaitheoir ‘Inis dom faoi laethanta saoire Aoife’.
- Ba chóir don iarrthóir ansin cur síos a thabhairt ar an phictiúr.
- Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna breise (e.g. ‘Agus céard atá ar siúl acu sa phictiúr seo?’) má bhíonn eolas breise ag teastáil.

